



Sceidealóir Ilardáin

Conradh 1 bhliain

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá TG4 ag earcú Sceidealóir Ilardáin faoi láthair a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach Gaeilge den scoth a bheith agat, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó gur duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Is mian le TG4 Sceidealóir Ilardáin a earcú. Ag freagairt don Bhainisteoir Sceidil, beidh an Sceidealóir Ilardáin i gceannas ar an sceideal laethúil a chur i dtoll a chéile agus é a chur ar aer.

Beidh tú freagrach as an obair seo a leanas:

- Sceideal laethúil a chur i dtoll a chéile agus é a chur ar an aer
- A chinntiú go bhfuil an t-ábhar atá sa sceideal ar fáil agus réidh le dul ar an aer
- Fotheidil – Ag déileáil le comhlachtaí fotheidealaithe, na fotheidil a lódáil agus a sheiceáil (agus a eagrú más gá)
- Fotheidil - eagarthóireacht a dhéanamh ar fhotheidil do chlár/scannáin atá ceannaithe isteach ó thar lear
- Fógraí - iad a fháil ó na hardáin éagsúla agus iad a lódáil agus a sheiceáil
- Fógraí – Ag déileáil le Post TV má tá fadhbanna le hábhar nó sonraí
- Fógraí – athsceidealú/baint amach, fógraí ionadaíochta a roghnú
- Freagrach as athruithe sa sceideal má bhíonn cluichí/cláir bheo ag dul thar am nó curtha ar ceal; láithreoirí agus Pres a chur ar eolas
- Logleabhar de chraoladh an lae a réiteach agus é a scaipeadh (Nielsen TAM/Post TV)
- Blaisíní agus feachtais mhargaíochta a chur ar an aer
- Stoingí urraíochta a fháil, agus iad a chur ar an aer (inmheánach nó seachtrach)

Riachtanais an phoist seo:

- Ní mór céim sa chumarsáid nó taithí theicniúil bliana ar a laghad a bheith ag an iarrthóir.
- Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe ar an

obair, go mbeidh ardsbileanna cumarsáide agat, go ndéanfaidh tú an-chúram de na mionsonraí, go bhfuil tú eagraithe go maith, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí agat i ról den chineál céanna agus cruthúnas air sin agat.

- Beidh eolas maith agat ar ríomhairí agus beidh sé de chumas ionat córais nua a fhoghlaim go tapa.
- Tuiscint ar lucht féachana TG4.
- Suim agat in úsáid bogearraí ríomhaireachta agus cumasach ina n-úsáid. Beifear ag súil go mbeidh ardtuiscint agat ar an chóras sceidealaithe TG4 (cuirfear traenáil ar fáil)
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach Gaeilge líofa a bheith agat, idir scríofa agus ó bhéal.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, solúbtha, as do stuaim féin agus ábalta feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil.

Tá Polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4.

Seol do CV mar aon le litir iarratais ina leagtar amach an bealach a n-oireann do thaithí agus do cháilíochtaí don ról seo, chuig cv@tg4.ie nó chuig Oifig an Ard-Stiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, H91 X4T0, roimh 4pm Dé Luain an 28 Samhain 2022.